**BINSE ACHOMHAIRC FOSTAIOCHTA**

| EILIMH DEANTA AG: | CASUIMHIR |
|---|---|
| EMPLOYEE | UD1399/2009 |
| EMPLOYEE | UD1400/2009 |
| EMPLOYEE | UD1401/2009 |
| EMPLOYEE | UD1402/2009 |
| EMPLOYEE | UD1403/2009 |
| EMPLOYEE | UD1404/2009 |
| EMPLOYEE | UD1405/2009 |

i gcoinne

EMPLOYER
faoi

**ACHTANNA um DIFHOSTU EAGORACH, 1977 TO 2007**

Deimhním gur éist an Bínse
(Rannóg an Bhínse)

Cathaoirleach: Mr. L. Ó Catháin

Baill: Mr. F. Cunneen
Ms. P. Ni Sheaghdha

leis na héilimh seo i mBaile Atha Cliath ar an 20ú Deireadh Fomhair 2010
agus 3ú-4ú Márta 2011

Ionadaíocht:

Eilitheoirí :
Rebecca Mac Cana faoi theagasc ag
Purdy Fitzgerald, Solicitors,
Kiltartan House, Forster
Street, Galway

Freagróirí :
Proinnsias Ó Maolchalain faoi theagasc ag

Mr. Peter Dempsey, Dempsey, Solicitors, Suite 107,
The Capel Building, Mary's Abbey, Dublin 7

Ba é cinneadh an Bhínse seo a leanas:-

-
Cur síos ar aighneachtaí ó abhcóide na n-Eilitheoirí

Baineann an aighneacht seo leis an gconradh neamh-shínithe, réamh-dhátaithe a chealaíonn dlínse an Bhínse éisteacht leis na héilimh dar leis an bhFreagróir (FX as seo ar aghaidh). Ni haontaímid agus iarraimid nach nglacfaidh an Bínse gur tarscaoileadh atá anseo.

Dar le fianaise béil thóg na hEilitheoiri cúis i gcoinne FX faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Fostaíocht Téarma Réitithe) 1993. Tháinig an cás seo os comhair Coimisinéir Chearta ar an ochtú lá de mhí Meán Fómhair, 2008 ach cuireadh siar é de bharr go raibh idirbheartaíocht ag dul ar aghaidh fós. Ainneoin go raibh cruinniú eile I gceanncheathrú ceardchumainn chun réiteach a fháil ar an scéal níor éirigh leis an bpróiséas. Níor tairiscíodh do na hEilitheoirí ach conraí trí bliana dá ngéillfidís a gceart do chonraí buana. Dhiúltaigh na hEilitheoirí don tairiscint agus thart ar an am seo luaigh an Freagróir an focal iomarcaíocht. Sheol ball de bhord FX téacstheachtaireacht go duine de na hEilitheoirí ag dearbhú go raibh todhchaí FX i mbaol de bharr cursaí mar a bhí agus go raibh baol ann nach n-íocfaí, ceal airgid, le duine ar bith.

Bhraith na hEilitheoirí brú chun glacadh leis an tairiscint iomarcaíochta ag an bpointe seo toisc nach raibh íocaíocht ar bith faighte acu le ceithre mhí roimhe sin. Bhí cruinniú eile ar an gceathrú lá de mhí na Nollag 2008 agus dhréacht oifigeach cheardchumainn (GF) agus cathaoirleach FX (BOF) comhaontú. Bhi duine de na hEilitheoirí (MNM) i láthair agus d'iarr sí fótachóip den chomhaontú (agus leagan clóbhuailte de toisc nach raibh se soiléite). Níor tugadh cóip clóbhuailte di. Chuir si an doiciméad lámhscríofa ag an seisear éilitheoiri eile ar an ríomhphost agus ghlac said leis an gcomhaontú toisc nár íocadh leo go dtí sin agus toisc go raibh baol ann go ndúnfai FX. Níor tugadh an deis do dhuine ar bith acu comhairle dlí neamhspléach a fháil agus níor shínigh duine ar bith acu an comhaontú.

Tá neart scrúduithe déanta ag na cúirteanna agus ag an mBínse ar "settlement agreements" agus ar "waivers". Sa chás **Talbot (Ireland) Ltd. v Minister for Labour & Ors. (1985) 4 JISLL** dúradh"anyone with full knowledge of his or her legal position is fully entitled to enter into any bargain…" **(Barron J.).**

I **PMPA Insurance v Keenan & Ors. (1983) I.R. 330, H.C. and (1985) I.L.R.M. 173 S.C.,** ainneoin gur fheidhmigh oifigigh ceardchumainn ar son na bhFostaithe, chinn an Chúirt nárbh fhéidir brath ar an dtarscaoileadh "it must be clear what claims are being negotiated and what rights are being waived".

Sa chás **Donal Hurley v Royal Yacht Club (1997) E.L.R. 225** tugadh le fios go soiléir nach bhféadfadh duine ar bith toiliú tarscaoileadh a dhéanamh ar a gcearta mura raibh an toil bunaigh ar eolas. Deir an breithiúnas gur ceart liostáil an reachtaíocht a bhaineann leis an dtarscoileadh. Fágadh i leataobh an comhaontú sa chás seo. Deir an breithiúnas faoi bheith "satisfied that the applicant should have been advised in writing that he should take appropriate advice as to his rights" agus "in advance of such advice I find the agreement to be void".

Cás lárnach sa réimse seo den dlí is ea **Fitzgerald v Pat The Baker, 1999, E.L.R. 227**. Chuir an breithiúnas béim faoi leith ar an difríocht idir comhaontaithe le agus gan comhairle dlí. Tugadh le fios sa bhreithiúnas nárbh fhéidir brath ar chomhaontú a shroichtear tar éis idirbheartaíochta ach gan comhairle dlí.

Dúirt an Bínse Achomhairc Fostaíochta sa chás
**Sun day World Newspapers Limited and StephenKinsella & Luke Bradley, Determination NO. FTD066 (sic)** go gcaitear critéir áirithe a shásamhroimh féidir dul i muinín tarscaoileadh ar bith. Is iad na critéir ná:

idirbheartaíocht ionraic a bheith i gceist agus comhairle proifisiúnta a lorg (is a fháil);

liosta den reachtaíocht atá san áireamh a sholáthar;

toil saor is faisnéiseach a bheith i gceist sa mhéid go bhfuil cearta na bhfostaithe tuigthe acu;

gur gá don fhostóir moladh do na fostaithe comhairle dlí a chuardach sula Síníonn said comhaontú.

Conclúid

D'iarr na hEilitheoirí ar an mBínse glacadh leis go bhfuil ceart acu éisteacht leis an gcás seo de bharr na n-argóintí thuasluaite agus glacadh leis nár déanadh tarscaoileadh i gcáipéis sa chás seo de bharr:

an brú a cuireadh ar na hEilitheoirí ag an am;

an easpa tuisceana a bhí acu ar an gcomhaontú a cuireadh rompu;

nár leagadh amach liosta de na hAchtanna a bhí le cur san áireamh;

go raibh an doiciméad féin (rud a bhí lárnach sa chás seo) lámhscríofa agus doléite;

nárbh toil saor a bhí i gceist.

Achoimre ar aighneachtaí ó habhcóide an fhreagróra

Inter alia fiú má rialaíonn an Bínse seo gur dífhostaíodh na hEilitheoirí aighnítear gur iomarcaíocht na bhFostaithe a bhí go hiomlán (nó go príomha) mar chúis leis.

**Cinneadh:**

Thar ceann an fhreagróra mhínigh a iarchathaoirleac don Bhínse staid na cuideachta (go háirithe an drochstaid airgeadais) thart ar an tréimhse sin.

Thug an seachtar Eilitheoirí fianaise ar an mbonn gur mhothaíodar nárbh fhíoriomarcaíocht a bhí ann toisc gur fógraíodh cúig phost laistigh de dhá mhí.

D'éist an Bínse go cúramach leis an bhfianaise béil a tugadh agus rinneadh machnamh ar na haighneachtaí. Ba é tuairim an Bhínse gurbh fhíor-iomarcaíocht a bhí i gceist cé nar láimhseáladh go ró-néata é. Ní raibh airgead flúirseach ag an bhFreagróir. B'éigean don chathaoirleach feidhmiú mar bhainisteoir oifige. Rinneadh comhaontú. Ghlac na mná le seiceanna is shínigh said gan a rá go raibh sé sin á dhéanamh acu gan dochar. De ghnáth ní feidir le cúirt nó an Bínse féachaint níos faide. Rinne an Freagróir iarracht caitheamh go cóir leis na hEilitheoirí. Níor cuireadh i gcrích an t-ath-structúrú go rímhaith ach tugadh airgead iomarcaíochta.

Tuigeann an Bínse cé chomh gortaithe a bhraith na mná. Ní tógtha ar chathaoirleach an Fhreagróra é seo ach ar an bhFreagróir go ginearálta. Ainneoin sin, glacann an Bínse leis go raibh an Freagróir toilteanach ceartúcháin a dhéanamh má rinneadh botún ar bith (i dtaobh leis an suim scoir) chun an méid ceart a thabhairt d'Eilitheoir ar bith.

Os rud é go gcinneann an Bínse d'aon ghuth gurbh fhíor-iomarcaíocht (i leith na néilitheoirí ar fad) a chríochnaigh fostaíocht na néilitheoirí seo teipeann na héilimh faoi na hAchtanna um Dífhostú Éagórach, 1977 go 2007.

Séalaithe le Séala an Bhínse Achomhairc Fostaíochta

An ________________________

(Sínithe) ________________________
(CATHAOIRLEACH)